# Scéal, Scéal, Scéal...

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

13 Aibreán 2023 || Eagrán 142

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga



**Ba mhaith linn focal buíochais a ghabháil le pobal Chois Fharraige as ucht an tacaíocht agus cúnamh a thugtar don Fhóram i gcónaí. Tá Plean Teanga Chois Fharraige á chur i bhfeidhm le trí bliana anuas anois agus níl aon amhras ach go bhfuil ról suntasach ag muintir na háite sa phróiseas sin. Tá muid i gcónaí ag iarraidh a chloisteáil uaibh - agus aon mholtaí atá agaibh a chloisteáil. Ar scáth a chéile a mhaireann muid, ar ndóigh!**







# CUIMHNEACHÁN AG DUMHACH NA LEANBH

Ar Luan Cásca, reáchtáladh searmanas cuimhneacháin ag Dumhach na Leanbh, An Teach Mór, i gcuimhne ar na páistí agus daoine eile atá curtha sa gcillín ar bhruach na mara ar an Teach Mór. Cé go raibh an aimsir sách gránna, le gaoth láidir aniar aduaidh ag séideadh, d'fhan sé tirim. Thart ar 60 duine a bhí bailithe de phobal na háite. Chuir an tAthair Stiofán Ó Donncha tús leis an searmanas agus labhair sé faoin mbealach a raibh ar mhuintir Chois Fharraige teitheadh le dídean a fháil beagnach 200 bliain ó shin agus nár mhiste ar dhaoine cuimhniú air sin agus daoine ag teitheadh ó ghorta, bhochtanas agus chogaíocht sa lá atá inniu ann. Leagadh bláthanna ag bun na croise ag Dumhach na Leanbh. Dúradh cúig dheichniúr den Phaidrín Páirteach agus sheinn grúpa daoine óga ó Cheoltóirí Chois Fharraige roinnt ceoil le tús agus deireadh a chur leis an searmanas. Cuireadh sólaistí ar fáil sa bPoitín Stil théis an tsearmanais. Coiste Dhumhach na Leanbh, fochoiste de chuid Chumann Forbartha Chois Fharraige, a d'eagraigh an ócáid agus ghlac Rúnaí an Choiste, Mamie Ní Chualáin, buíochas leis na daoine a chabhraigh leo leis an ócáid a eagrú agus go speisialta leis na hoibrithe ón Scéim Sóisialta Tuaithe áitiúil a réitigh an suíomh don ócáid. Tá sé i gceist ócáid bhliantúil a dhéanamh dhó, le tacaíocht geallta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe faoin Scéim Tacaíochta Pobail le cúnamh a thabhairt íoc as costaisí na hócáide.



# CRUINNIÚ CINN BHLIANA: CUMANN FORBARTHA CHOIS FHARRAIGE

Beidh Cruinniú Cinn Bhliana de chuid Chumann Forbartha Chois Fharraige ar siúl ar an Luan 24 Aibreán i Séipéal an Chnoic, Indreabhán (seomra ar chúl). Tá an cruinniú oscailte do bhaill an Chumann Forbartha agus fáilte roimh bhaill nua i gcónaí. Is féidir ballraíocht a fháil ach teagmháil a dhéanamh le cumannforbartha@gmail.com. Glacfar le rún ó na baill le cur os comhair an chruinniú go dtí an Luan 17 Aibreán. Is féidir rún a sheoladh i bhfoirm ríomhphoist nó a thabhairt ag Oifig Chomharchumann Sailearna do Rúnaí an Chumann Forbartha.

# ♫♫ ALTAN SA SPIDÉAL ♫♫

Ní bheidh aon cheolchoirm i Stiúideo Cuan, An Spidéal, an deireadh seachtaine beag seo ach tá raidhse ceoil den scoth fós le tíocht roimh dheireadh na míosa mar chuid den Fhéasta Ceoil, atá eagraithe ag Stiúideo Cuan. Ar an Déardaoin seo chugainn, 20 Aibreán, beidh an sár-ghrúpa ó Dhún na nGall, ALTAN, ar an ardán. Tá cáil domhanda ar an ngrúpa Altan agus ar an amhránaí is fidléir Mairéad Ní Mhaonaigh, ó Ghaoth Dobhair. Ar an Aoine, 21 Aibreán, beidh Mairéad Ní Mhaonaigh ar ais ar an stáitse i Stiúideo Cuan, mar chuid den ghrúpa T WITH THE MAGGIES. In éindí le Mairéad ar an Aoine, mar chuid den ghrúpa, beidh Moya Brennan ó Chlannad, chomh maith leis na deirfiúracha Mairéad agus Tríona Ní Dhomhnaill, beirt a bhí sa ngrúpa Skara Brae. Gan ach líon teoranta suíochán sa seomra ceoil i Stiúideo Cuan, ní mór do thicéad a cheannach go luath!




# Blas Meala

## Údar & Beachaire

## SIMON Ó CRÓINÍN

## Ceoltóirí as Ráth Chairn




**TIGH MHOLLY**

**12 Bealtaine**

**@ 8 i.n.**

**Fáilte roimh chách**

á eagrú ag

Club Leabhar Chois Fharraige

clubleabharcf@gmail.com

mhairle Chontae na Gaillimh
Galway County Council

Ciste Spreagtha

Conradh na Gaeilge

Seachtain na Gaeilge le enérgia

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# MÚINEADH NA GAEILGE DO DHAOINE FÁSTA: OLLSCOIL MHÁ NUAD

Tá Ollscoil Mhá Nuad ag glacadh le hiarratais anois don chúrsa: Múineadh na Gaeilge do Dhaoine Fásta. Cúrsa páirtaimseartha, ar líne atá ann agus tá sé oiriúnach dóibh siúd atá ag múineadh na Gaeilge aon áit ar domhan (múineadh ar líne san áireamh). Tá sé oiriúnach dóibh siúd nach bhfuil aon taithí teagaisc acu, dóibh siúd ar bheagán taithí, agus dóibh siúd atá ag múineadh na Gaeilge le fada ach atá ag iarraidh cur lena gcuid scileanna - go mór mór agus iad ag múineadh ar líne don chéad uair. Glacfar le hiarratais go dtí Dé hAoine 26 Bealtaine 2023. Is féidir níos mó eolais a fháil faoin gcúrsa ag an nasc seo: http://tinyurl.com/teastas

# CÚRSA NUA Ó ACADAMH FÍBÍN

Tá cúrsa nua seolta ag Fíbín i gcomhpháirt le TG4 agus Gréasán na Meán chun pearsanra oilte a fhorbairt do thionscal na Meán Gaeilge! Má tá suim agat a bheith ag obair sa teilifís agus má tá Gaeilge agat, is féidir CV a sheoladh chuig acadamhfibin@gmail.com! Tá gach eolas ar fáil ag www.fibinmedia.ie/acadamh Chomh maith le sin, is féidir súil a choinneáil ar an gcuntas Instagram: @acadamhfibin le haghaidh uasdátuithe maidir leis an gcúrsa.



# GAELCHARA 2023

Tá Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga sa tóir ar chainteoirí Gaeilge líofa, nó cainteoirí dúchais, chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge le páirt a ghlacadh sa chéad bhabhta eile den scéim *Gaelchara*. Is éard atá i gceist leis an scéim ná go gcuirtear cainteoir dúchais/líofa le chéile le foghlaimeoir - casann an bheirt le chéile, ar bhonn sóisialta, go rialta leis an nGaeilge a labhairt. Tugann an scéim deis d'fhoghlaimeoirí níos mó Gaeilge a úsáid, agus a fhoghlaim. Tugann an scéim deis do chainteoirí líofa/dúchais na scileanna teanga atá acu, chomh maith leis an saibhreas teanga atá acu a chur ar aghaidh go duine éigin eile, atá ag cur futhu sa bpobal. Iarrtar ar an bpéire casadh le chéile go rialta thar trí mhí, nó ar feadh 30 uair an chloig - cibe sprioc a bhaintear amach ar dtús! Ag deireadh na scéime, cuirtear €250 an duine ar fáil don fhoghlaimeoir agus don chainteoir dúchais/líofa. Chomh maith le sin, tagann na 'Gaelchairde' uilig le chéile ag deireadh na scéime leis an obair agus éacht atá bainte amach acu a cheiliúradh ar bhonn sóisialta. Bronnfar teastais ar na rannpháirtithe ag an ócáid freisin. Is féidir clárú don scéim leat féin - mar fhoghlaimeoir nó mar 'mheantóir', nó is féidir clárú le chéile, mar phéire. An t-aon choinníoll a bhaineann leis an scéim ná nach bhfuil aon ghaol fola nó pósta idir an bheirt. Ba bhreá linn cloisteáil ó chainteoirí líofa, chainteoirí dúchais agus foghlaimeoirí le páirt a ghlacadh sa scéim i mbliana. Go dtí seo tá dhá scór duine 'théis an scéim a dhéanamh linn agus aiseolas thar a bheith dearfach faighte againn uathu - agus roinnt cairde nua déanta fiú! Is féidir tuilleadh eolais a fháil, nó clárú don scéim ach teagmháil a dhéanamh le Katie ag optchoisfharraige@gmail.com nó 083 010 6294

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

# GAELCHARA

## – CHOIS FHARRAIGE –

Ar mhaith leat feabhas a chur ar do chuid Gaeilge?
Ar mhaith leat cuidiú le duine eile a gcuid Gaeilge a fheabhsú?
An bhfuil cónaí ort i gCois Fharraige?

Tá tú uainn!!
Tá Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga sa tóir ar
(a) **fhoghlaimeoirí Gaeilge**
(b) **chainteoirí líofa Gaeilge**
le bheith páirteach sa scéim **Gaelchara**

Oibreofar in éindí lena chéile, leis an nGaeilge a úsáid níos minicí sa mbaile agus sa bpobal.

Bronnfar **€250** an duine ar an bhfoghlaimeoir agus ar an meantóir.

Tá tuilleadh eolais agus an fhoirm iarratais ar fáil ó:
**optchoisfharraige@gmail.com** nó **083 010 6294**

# OSCAILT OIFIGIÚIL: SEOMRA NA GCEADFAÍ @ ITT

**Osclófar Seomra na gCeadfaí ag an ITT ar an Domhnach 16 Aibreán @ 11:45 Beidh neart spraoi ar an lá chomh maith le ceol iontach agus cuirfear soláistí ar fáil chomh maith. Ócáid don theaghlach uilig a bheas ann. Fáilte roimh chách!**



# FOLÚNTAS AG AN ITT

**Tá an ITT/An Crann Taca in Indreabhán, Co. na Gaillimhe ag lorg iarratas faoi láthair do phost páirtaimseartha mar oibrí cistine. Beidh an té a éiríonn leo ag obair idir 10.30 agus 14.30 Luan go hAoine ar €13.50 san uair. Tá scileanna maithe cócaireachta chomh maith le Gaeilge líofa riachtanach don phost. Fáiltíonn An ITT roimh iarratais ar phostanna lánaimseartha agus páirtaimseartha mar oibrithe luathbhlianta freisin. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó 091-593132 nó ar a suíomh: www.ancranntaca.wordpress.com nó má tá breis eolais ag teastáil is féidir teagmháil a dhéanamh leis an eagraíocht ag ittancranntaca@gmail.com**

# GLANADH SUAS IN INDREABHÁN

**Tá sé socraithe ag Fochoiste Timpeallachta Chumann Forbartha Chois Fharraige an 'Glanadh Suas' bliantúil a eagrú ar an Satharn, 22 Aibreán, i gceantar Indreabháin. Tá sé i gceist brúscar a bhailiú ó na bóithríní sa gceantar agus ar an gcladach. Tabharfar an bruscar chomh fada le suíomh lárnach, le gur féidir le Comhairle Chontae na Gaillimhe an bruscar a thabhairt chun bealaigh. Mar is gnáth, cuirfear láimhíní agus málaí dubha ar fáil do na daoine a bheas ag bailiú ar an lá. Cuirfear sólaistí ar fáil tar éis an bhailiú a bheith déanta. Beidh níos mó eolais faoin 'nGlanadh Suas' i Nótaí Chois Fharraige agus i *Scéal, Scéal, Scéal*...an tseachtain seo chugainn.**

# SEÓ FAISIN
# AG SEANSCOIL SAILEARNA

Tá seó faisin á reáchtáil ag Comharchumann Sailearna ar an Aoine 28 Aibreán i Sheanscoil Sailearna. Éadaí ón siopa Scéal Eile a bheás á thaispeáint ag mainicíní áitiúla, ar aon oíche. 'Sí Máire Bríd Ní Chualáin a bheas ina bhean an tí ar an oíche. Cuirfear tús leis an spóirt 's spraoi @ 8i.n. Is féidir ticéad a cheannach ar €5 - caithfear spás a chur in áirithe, ach ticéad a cheannach, roimhré. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Yvonne ag 091 399 199 le tuilleadh eolais a fháil. Oíche shóisialta a bheas ann, cuirfear sóláistí ar fáil agus beidh crannchur homh maith!
Scaip an scéal!



# SEISIÚN AMHRÁNAÍOCHTA
# NA BHFORBACHA

Beidh seisiún amhránaíochta (gan tionlacan) ar siúl Tigh Phádraicín, sna Forbacha ar an Domhnach 16 Aibreán. Cuirfear tús leis an seisiún @ 8i.n. Chas amhránaithe le chéile Tigh Phádraicín le dhá mhí anuas le taitneamh a bhaint as an amhránaíocht agus an comhluadar freisin, ar ndóigh!
Cuirfear soláistí ar fáil ar an oíche, buíochas le tacaíocht ó Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Fáilte roimh chách 's ná bíodh faitíos ar éinne an scéal a scaipeadh!

